**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**2020/0179(COD)** | **PE-CONS 55/20**

**CULT 80**
**AELE 101**
**EEE 67**
**CODEC 1226**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 445/2014/AE lena mbunaítear gníomhaíocht Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa do na blianta 2020 go 2033 |

**CINNEADH (AE) 2020/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**lena leasaítear Cinneadh Uimh. 445/2014/AE**
**lena mbunaítear gníomhaíocht Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa**
**do na blianta 2020 go 2033**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 167(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2020 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iad is cuspóirí do ghníomhaíocht an Aontais dar teideal 'Príomhchathracha Cultúir na hEorpa' ('an ghníomhaíocht'), de réir Chinneadh Uimh. 445/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], éagsúlacht cultúr san Eoraip a choimirciú agus a chur chun cinn agus na gnéithe comhchoiteanna atá á roinnt acu a thabhairt chun suntais agus muintearas na saonránach i leith limistéar comhchoiteann cultúrtha a mhéadú, an méid a chuireann cultúr le forbairt fhadtéarmach na gcathracha a chothú, an tairiscint chultúrtha sna cathracha a fheabhsú ó thaobh réimse, éagsúlachta agus gné Eorpaí de, lena n-áirítear trí chomhar idirnáisiúnta, rochtain ar chultúr agus rannpháirtíocht ann a leathnú, acmhainneacht na hearnála cultúrtha agus a naisc le hearnálacha eile a neartú agus próifíl idirnáisiúnta na gcathracha a ardú trí chultúr.

(2) Chun cuspóirí na gníomhaíochta a bhaint amach, glactar leis go mbeidh soghluaisteacht, turasóireacht, eagrúchán imeachtaí agus rannpháirtíocht an phobail féideartha, rudaí atá an-deacair a dhéanamh nó beagnach dodhéanta fiú i ré phaindéim COVID-19.

---

[2] Cinneadh Uimh. 445/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear gníomhaíocht Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa do na blianta 2020 go 2033 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1622/2006/CE (IO L 132, 3.5.2014, lch. 1).

(3) Mar thoradh díreach ar na bearta dianghlasála a glacadh ar fud na hEorpa, dúnadh ionaid chultúrtha agus cuireadh imeachtaí cultúrtha ar ceal nó ar athló ar feadh tréimhse neamhchinntithe. Tá moill ollmhór ar thionscadail chomhair chultúrtha Eorpacha nó idirnáisiúnta toisc go bhfuil srianadh mór ar thrasnú fisiciúil na dteorannacha. Ar deireadh, mar gheall ar ioncaim a bheith ag ísliú go tapa agus riachtanais a bhaineann leis an tsláinte phoiblí ag teacht chun cinn, tá tuilleadh brú ó thaobh buiséid de ar rialtais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Faoi láthair, tá sé ag éirí níos dúshlánaí urraíocht phríobháideach a dhéanamh ar an gcultúr toisc nach bhfuil aon imeachtaí poiblí ann chun urraíocht a thabhairt dóibh nó toisc go bhfuil gnólachtaí ag tabhairt tús áite do ghníomhaíochtaí urraíochta a bhaineann leis an tsláinte phoiblí.

(4) Tá tionchar ar leibhéil éagsúla ar na cathracha a bhfuil teideal 'Phríomhchathair Chultúir na hEorpa' ('an teideal') acu faoi láthair agus a mbeidh an teideal acu san am atá le teacht ag brath go príomha ar an mbliain a bhfuil an teideal acu. Dealraíonn sé gur ar na cathracha a bhfuil an teideal acu in 2020 agus ar na cathracha atá ag ullmhú chun an teideal a bheith acu in 2021 atá an tionchar is láidre, cé go bhfuil sé doiléir fós cén tionchar a bheidh ar chathracha a mbeidh an teideal acu ina dhiaidh sin.

(5) Bhí ar an dá chathair a bhfuil an teideal acu in 2020 imeachtaí a chur ar ceal nó ar athló ó mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh gan aon soiléireacht acu maidir le cathain a fhillfear ar an ngnáthshaol nó fiú cibé acu an fhillfear nó nach bhfillfear ar an ngnáthshaol, agus bhí costais fós á dtabhú acu ag an am céanna. Sa chleachtas, tá cosc orthu a gcláir chultúrtha a chur chun feidhme go hiomlán in 2020 agus leas a bhaint as an infheistíocht ollmhór atá déanta acu ó thaobh daoine agus airgeadais de.

(6) De dheasca phaindéim COVID-19, tá leibhéal mór éiginnteachta ann sa trí chathair a mbeidh an teideal acu in 2021 i mbeagnach gach réimse a bhaineann lena n-ullmhúchán: peirspictíochtaí airgeadais éiginnte i ndáil le comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha, rialacháin sábháilteachta anaithnide a bheidh ann amach anseo agus a bhfuil tionchar acu ar obair rannpháirteach agus ar na cineálacha imeachtaí atá le húdarú agus srianta ar thaisteal lena laghdaítear an sreabhadh turasóireachta agus an fhéidearthacht atá ann chun comhpháirtíochtaí Eorpacha a dhéanamh. De thoradh na mbeart coisctheach a tugadh isteach chun leathadh COVID-19 a chomhrac, rud a d'fhág go raibh foirne cur chun feidhme faoi dhianghlasáil, cuireadh moill chriticiúil ar obair ullmhúcháin na dtrí chathair sin nuair ba cheart dóibh iarrachtaí níos tréine a dhéanamh dá mbeadh imthosca normálta ann. Cuireadh moill ar an obair ullmhúcháin freisin toisc go bhfuil marthanas eacnamaíoch na bpáirtithe conarthacha ionchasacha éiginnte.

(7) Le Cinneadh Uimh. 445/2014/AE, ní fhoráiltear maidir leis an tsolúbthacht is gá chun imthosca urghnácha den sórt sin a chur san áireamh agus, go sonrach, níl aon fhoráil ann maidir le fad a chur leis an mbliain ina bhfuil an teideal ag cathair áirithe nó maidir leis an mbliain sin a chur ar athló.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Uimh. 445/2014/AE a leasú ar bhealach atá in oiriúint go daingean don riachtanas maidir le haghaidh a thabhairt ar an staid eisceachtúil chun go mbeidh na cathracha a bhfuil an teideal acu agus is mó atá faoi thionchar phaindéim COVID-19 in ann a gcláir chultúrtha a chur chun feidhme ar bhealach lena bhféadfar cuspóirí na gníomhaíochta a bhaint amach.

(9) Tar éis próiseas comhairliúcháin a raibh na cathracha agus na Ballstáit lena mbaineann páirteach ann, cinneadh gurbh iomchuí an deis a chur ar fáil do na cathracha a d'ainmnigh an Chróit agus Éire chun an teideal a bheith acu in 2020 leanúint de bheith ag cur a gclár cultúrtha chun feidhme suas go dtí an 30 Aibreán 2021, gan bliain an ainmniúcháin a athrú.

(10) Tar éis próiseas comhairliúcháin a raibh na cathracha agus na Ballstáit lena mbaineann páirteach ann, cinneadh gur cheart an bhliain ina bhfuil an Rómáin agus an Ghréig i dteideal an teideal a bheith acu a chur ar athló ó 2021 go dtí 2023 agus gur cheart an bhliain ina bhfuil tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach i dteideal an teideal a bheith aici nó aige a chur ar athló ó 2021 go dtí 2022.

(11) Ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, go háirithe maidir leis na cathracha a bhfuil an teideal acu in 2020 agus 2021, agus chun chur isteach ar chur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 445/2014/AE a sheachaint, ba cheart don Chinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhart práinne agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2021.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Uimh. 445/2014/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Uimh. 445/2014/AE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír de mhír 2:

"Bronnfar an teideal gach bliain ar aon chathair amháin, ar a mhéad, as gach ceann den dá Bhallstát atá luaite san fhéilire a leagtar amach san Iarscríbhinn ('an féilire') agus, sna blianta ábhartha, ar aon chathair amháin as tír i gComhlachas Saorthrádála na hEorpa atá ina páirtí sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('tír CSTE/LEE'), ar aon chathair amháin as tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach, nó ar aon chathair amháin as tír a aontaíonn don Aontas sna dálaí a leagtar amach i mír 5. Mar sin féin, beidh an teideal ag aon chathair amháin, ar a mhéad, i ngach ceann de na trí Bhallstát atá luaite san fhéilire in 2023.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Beidh cathracha sna Ballstáit i dteideal an teideal a bheith acu ar feadh bliana i gcomhréir le hord na mBallstát atá luaite san fhéilire. Féadfaidh na cathracha a bhfuil an teideal acu in 2020 leanúint den teideal a bheith acu go dtí an 30 Aibreán 2021, gan bliain an ainmniúcháin a bheith athraithe.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír d'Airteagal 4(2):

"Cuimseoidh an clár cultúrtha bliain an teidil agus cruthófar é go sonrach le haghaidh an teidil, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 5. Mar sin féin, féadfaidh na cathracha a bhfuil an teideal acu in 2020 leanúint de bheith ag cur a gclár cultúrtha chun feidhme suas go dtí an 30 Aibreán 2021.";

(3) in Airteagal 16(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Déanfaidh na cathracha lena mbaineann a gcuid tuarascálacha meastóireachta a tharraingt suas agus a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 31 Nollaig den bhliain tar éis bhliain an teidil. Mar sin féin, déanfaidh na cathracha a bhfuil an teideal acu in 2020 a gcuid tuarascálacha meastóireachta a tharraingt suas agus a tharchur chuig an gCoimisiúin faoin 30 Aibreán 2022.";

(4) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 7 go 11 agus Airteagal 13(2), pointe (a), de Chinneadh Uimh. 445/2014/AE atá tugtha i gcrích cheana do theideal 2021, leanfaidh siad de bheith bailí. Athrófar bliain an teidil i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**IARSCRÍBHINN**

"FÉILIRE

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2020 | An Chróit | Éire | |
| 2021 | | | |
| 2022 | An Liotuáin | Lucsamburg | Tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach |
| 2023 | An Ungáir | An Rómáin | An Ghréig |
| 2024 | An Eastóin | An Ostair | Tír CSTE/LEE, tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach |
| 2025 | An tSlóivéin | An Ghearmáin | |
| 2026 | An tSlóvaic | An Fhionlainn | |
| 2027 | An Laitvia | An Phortaingéil | |
| 2028 | an tSeicia | An Fhrainc | Tír CSTE/LEE, tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach |
| 2029 | An Pholainn | An tSualainn | |
| 2030 | An Chipir | An Bheilg | Tír CSTE/LEE, tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach |
| 2031 | Málta | An Spáinn | |
| 2032 | An Bhulgáir | An Danmhairg | |
| 2033 | An Ísiltír | An Iodáil | Tír CSTE/LEE, tír is iarrthóir nó iarrthóir ionchasach |

"